


SCÉIM NA ROINNE SLÁINTE AGUS LEANAÍ

**Faoi Mhír 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla
2003**

2009-2012



Clár ábhar

Caibidil 1 – Réamhrá	1
Caibidil 2 – Forléargas ar an Roinn Sláinte agus Leanaí	2
Caibidil 3 – Ag Feabhsú Seirbhísí Dáttheangacha	7
Caibidil 4 – Monatóireacht agus Athbhreithniú	9
Caibidil 5 – An Scéim Chomhaontaithe a phoibliú	10

Caibidil 1 - Réamhrá

Cúlra

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí ar an 14 Iúil 2003. Is é an tAcht seo an chéad phíosa reachtaíochta ina leagtar síos próiseas pleanála reachtaíochta lena chinntiú go gcuirfear seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge.

Is é príomhchuspóir an Achta go gcuirfí níos mó seirbhísí poiblí ar chaighdeán níos airde ar fáil.

Forálann Mír 11 den Acht d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionshonraí de na seirbhísí a sholáthróidh siad

- Trí mheán na Gaeilge,
- Trí mheán an Bhéarla , agus,
- Trí mheán na Ghaeilge agus an Bhéarla;

Agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuiltear á soláthar ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair, a chur ar fáil sa todhchaí (laistigh de thréimhse ama a bheidh le haontú – ag déanamh idirdhealú idir na seirbhísí sin a chuirfear ar fáil le linn saolré na scéime seo agus iad siúd a chuirfear ar fáil laistigh de thréimhse ama níos faide).

Ullmhúchán agus Comhairliúchán.

Ullmhaíodh an scéim seo de réir na dTreoirínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

D'fhoilsigh an Roinn fógra faoi Alt 13 den Acht ar an 28 Meitheamh 2006, ag lorg aighneachtaí maidir le hullmhú na dréachtscéime ó aon pháirtí leasmhar. Fuarthas sé aighneacht ó réimse eagraíochtaí Gaeilge agus ó dhaoine aonaracha.

Chuathas i gcomhairle le foireann na Roinne freisin agus bhí tionchar ag a dtuairimí agus a moltaí ar an scéim.

Ábhar na Scéime

Dearadh an scéim seo le cinntiú go mbeadh daoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge ábalta é seo a dhéanamh, Léirítear na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge agus sonraítear réimsí feabhsúcháin don todhchaí.

Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo dearbhaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosóidh an scéim ar an 15 Nollaig 2009 agus fanfaidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana ón dáta seo, nó go dtí go n-aontóidh an tAire Scéim nua de réir Alt 15 den Acht, cibé acu is túsce.

Caibidil 2 – Forléargas ar an Roinn Sláinte agus Leanaí

Ról na Roinne

Ráiteas Misin

Feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine mhuintir na hÉireann ar bhealach a chuireann sláinte níos fearr chun cinn, mar aon le rochtain chothrom, seachadadh cúraim ar bhealach sofheagrach agus cuí, maraon le hardfheidhmíocht.

Sainordú

Tá an tAire Sláinte agus Leanaí freagrach ó thaobh na polaitíochta de as beartais an Rialtais maidir le seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta a fhorbairt agus a léiriú, agus as feidhmíocht iomlán na seirbhíse sláinte. Is é ár sainordú ná tacaíocht a thabhairt don Aire agus don cheathrar Airí Stáit trí chomhairle a chur ar fáil maidir le beartais a fhorbairt agus a fheidhmiú, trí fheidhmíocht na mbeartas atá ann cheana féin agus seachadadh seirbhíse a mheasúnú, trí reachtaíocht a ullmhú, agus trí oibriú le Ranna Rialtais eile, leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Beidh na gnéithe seo a leanas san áireamh inár gcuid feidhmeanna:-

- Beartas a fhorbairt maidir le réimse iomlán na seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta, agus an bhéim ar cháilíocht, cothromas, rochtain bunaithe ar riachtanas, comhsheasmhacht agus torthaí maraon le tacú le forfheidhmiú beartas an Rialtais.
- Idirbheartaíocht agus tuairisciú a dhéanamh i leith grúpaí vótaí na Sláinte agus anailís a dhéanamh ar tháirgeacht airgeadais agus seirbhíse, lena n-áirítear luach ar airgead agus cloí le caighdeán rialachais agus chuntasachta.
- A chinntiú go gcomhlíonfar beartais an Rialtais maidir le pá agus caidreamh tionsclaíoch na seirbhíse poiblí, rialú fostaíochta agus nuachóiriú.
- Tabhairt faoi phleanáil fhadtéarmach agus mheántéarmach, pleanáil maidir leis an lucht saothair san áireamh.
- Creat rialacháin agus reachtaíochta a sholáthar a chabhróidh le leas na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint agus a thabharfadh tacaíocht do chleachtóirí le hobair den chaighdeán is airde chur i gcrích
- Oibriú le comhghleacaithe i Ranna Rialtais eile agus leis na comhpháirtithe sóisialta lena chinntiú go gcuirtear chun cinn an aidhm chun an tsláinte agus folláine shóisialta a fheabhsú i bpáirteanna eile den tseirbhís phoiblí, ar bhealach éifeachtach.
- Córas measúnaithe feidhmíochta a fhorbairt agus a bheachtú a chabhróidh leis an Aire feidhmíocht sa chóras sláinte a mheas.
- Tacaíocht a thabhairt don Aire agus do na hAirí Stáit a ndualgais Parlaiminte a chomhlíonadh

- A chinntiú go mbeadh an pháirtíocht is mó ag Éirinnin in obair an Aontais Eorpaigh, na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile san earnáil sláinte agus leanaí; an comhoibriú is dlúithe is féidir le Tuisceart Éireann a chur chun cinn.
- A chinntiú go mbeadh na hacmhainní inmheánacha againn maidir le struchtúir, daoine, córais agus 'rl chun muid a réiteach i gcomhair ár gcuspóirí a bhaint amach.

Struchtúr Chóras Sláinte na hÉireann

Bunaíodh Feidhmeannacht an Seirbhíse Sláinte (FSS) in Eanáir 2005 agus is air atá an cúram seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a chur ar fáil sa stáit faoi réir ag na hacmhainní atá ar fáil. Cuireann Acht Sláinte 2004 an dualgas ar FSS na hacmhainní atá ar fáil aici a úsáid ar an mbealach is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is feidhmiúla le sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chothú agus a chosaint.

Bunaíodh an tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) i mí Bealtaine 2007 agus tá sé freagrach as caighdeán a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu maidir le sábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí cúraim sláinte san earnáil phoiblí chomh maith le tabhairt faoi imscúduithe, cláir creidiúnaithe a reáchtáil, teicneolaíochtaí sláinte a mheas ó thaobh éifeacht chliniciúil agus costais de agus measúnú agus leagan síos caighdeán eolais ar na seirbhísí sláinte, agus ar shláinte agus leas an phobail. Tá Oifig Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta mar pháirt den ÚFCS.

De bharr na reachtaíochta faoinar bunaíodh an FSS agus HIQA, ní mór dóibh aird ar leith a thabhairt ar pholasaithe agus ar aidhmeanna an Rialtais agus aon Aire Rialtais má tá baint nó tionchar ag na polasaithe agus na cuspóirí sin ar a gcuid feidhmeanna. Tá earnáil phríobháideach sláinte atá ag fás, agus réimse leathan gníomhaireachtaí sláinte mar dhlúth pháirt den chóras sláinte anois.

D'athraigh ról na Roinne nuair a bunaíodh FSS go ról níos láidre ó thaobh measúnú polasaí agus feidhmíochta. Is cuid lárnach den ról sin anois ná a chinntiú go gcuirtear na seirbhísí sláinte ar fáil de réir polasaí an rialtais. Tá líon mór de Chuspóirí Ardleibhéil na Roinne mar atá leagtha síos ina Ráiteas Straitéise ceangailte le heagar éifeachtach agus soláthar seirbhísí FSS. Léiríonn sé seo an gá atá le dlúthchaidreamh éifeachtach oibre idir an Roinn agus FSS. Chun torthaí sláinte níos fearr a bhaint amach do mhuintir na hÉireann, tá an Roinn gníomhach ina tionchar ar agus a tacaíocht do ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais.

Ráiteas Straitéise

Tá na cuspóirí ardleibhéil maraon leis an gcur chuige chun na cuspóirí seo a chur i gcrích leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne 2008-2010.

Cuspóirí Ardleibhéil

Tá seacht gCuspóir Ardleibhéil leagtha síos ag an Roinn le linn tréimhse na Staitéise reatha, mar a leanas.

1. Tacaíocht Polasaí agus Corparáide

Tacaíocht a thabhairt don Aire ó thaobh beartas, feidhmíochta, reachtaíochta, pleanála agus rialachais, rud a chuidíonn lena chinntiú go seachadtar seirbhísí sláinte agus sóisialta ar ardcháilíocht agus go héifeachtach, ag baint leasa as na hachmhainní atá ar fáil agus faoi réir ag beartais Rialtais sa chaoi agus go dtugtar rochtain chothrom do dhaoine ar sheirbhísí agus ar thacaíocht eile a bhfuil gá acu leo.

2. Leanaí agus Teaghlaigh

Sláinte agus folláine leanaí agus teaghlaigh a chur chun cinn agus a chosaint.

3. Cúram Príomhúil

Soláthar réimse leathan seirbhísí comhtháite, inrochtana agus bunaithe sa cheantar áitiúil a chinntiú, mar an chéad phointe teagmhála a bheadh ag an bpobal leis an gcóras sláinte, agus nuair a chuirfear an soláthar seo i gcomhar le feabhas ar ioncam, ar fhostaíocht, ar oideachas agus ar thithíocht, bainfear amach feabhas suntasch i gcúrsaí sláinte, agus laghdófar éagthroime sláinte sa bhfadtréimhse.

4. Rialú Ailse

Minicíocht, galracht agus básmhaireacht ailse a laghdú i gcomparáid le tíortha eile san AE, agus tacú le soláthar seirbhísí ailse ar cháilíocht dhearbhair ag FSS.

5. Ospidéal Ghéarchúraim

Cinntiú go bhfuil othair a bhfuil gá acu le géarchúram in ann teacht air chomh tapa agus is féidir, sa timpeallacht is oiriúnaí ag leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, go bhfaigheann siad cúram slán, agus gurb iad na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach a fhaigheann a leithéid d'othair.

6. Míchumas agus Meabhairshláinte

Cabhrú le daoine faoi míchumas lánachmhainneacht a bhaint amach agus iad ag maireachtáil chomh neamhspleách agus is féidir.

Meabhairshláinte a chur chun cinn agus tacaíocht agus idirghabháil chuí a sholáthar do dhaoine le fadhbanna meabhairshláinte.

7. Cúram do Dhaoine Breacaosta

Cur le cáilíocht saoil daoine breacaosta agus tacú leo ina gcuid tithe agus a gcuid pobal agus, nuair nach féidir é seo, rochtain a sholáthar dóibh ar chóiríocht chónaithe chuí.

Struchtúr Eagraíochtúil na Roinne

Síneann obair na Roinne thar naoi Rannóg, agus Oifig an Phríomhoifigigh Míochaine. Baineann ceithre cinn acu seo le heochair réimsí tacaíocht beartais agus corparáide agus iad nasctha le Cuspóir Ardleibhéil 1. Baineann na cúig cinn eile le trí oifig thrasghnéitheacha; cúram príomhúil, ospidéal ghéarchúraim, agus cúram aipse, agus nascann siad leis na Cuspóirí Ardleibhéil eile.

Custaiméirí agus páirtithe leasmhara

Bíonn an Roinn ag déileáil le go leor páirtithe leasmhara, ina measc:

- Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, Rannóga, Oifigí agus Áisíneachtaí Rialtais eile
- Áisíneachtaí Sláinte
- Institiúidí an AE agus Institiúidí idirnáisiúnta
- Alán eagraíochtaí eile lasmuigh den tseirbhís phoiblí ina measc, ceardchumann, eagraíochtaí ionadaíoch, grúpaí pobail agus deonacha agus an pobal acadúil agus taighde.

Is beag teagmháil dhíreach a bhíonn idir an Roinn agus an pobal i gcoitinne, is le FSS agus áisíneachtaí agus eagraíochtaí eile is mó a bhíonn muid i dteagmháil.

Measúnú ar na seirbhísí atá ar fáil cheana trí Ghaeilge

Tá an Roinn tiomanta, chomh fada agus is féidir, go mbeidh custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge in ann é sin a dhéanamh. Tá liosta d'fhoireann atá líofa agus toilteanach déileáil le custaiméirí nó le cliant trí Ghaeilge ar fáil san Eolaire Foirne inmheánach.

Óráidí

Cuirtear ráitis nó óráidí de chuid na nAirí nó na nOifigeach Sinsearach, óráidí i dTithe an Oireachtais san áireamh, ar fáil sa teanga inar tugadh iad..

Comhfhreagras

Freagrófar comhfhreagras sa teanga ina bhfuarthas é faoi réir mír 9(2) den Acht.

Ríomhphoist

- Tá fógra séanta dátheangach ullmhaithe agus á sheachadadh le ríomhphoist a eisítear
- Tá seoladh Gaeilge agus Béarla chuig deasc seirbhísí custaiméirí na Roinne nasctha:
 - eolas@health.gov.ie and customerservices@health.gov.ie

Leabhráin Eolais/Foirmeacha Iarratais

Tá gach bileog eolais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Seachas Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, ní láimhseálann an Roinn aon iarratas maidir le seirbhísí ón bpobal. Is iad FSS agus eagraíochtaí cuí eile a dhéileálann le hiarratais ar sheirbhísí. Próiseálann an OALGÓ iarratais do scéimeanna maoinithe um chúram leanaí agus déanann siad idirghníomhaíocht le hÚdaráis Áitiúla faoin gClár chun rannpháirtíocht páistí agus daoine óga i ndéanamh cinntí a chur chun cinn. Tá na hiarratais do na scéimeanna maoinithe um chúram leanaí ar fáil sa dá theanga.

Stáiseanóireacht

Tá ‘Cuirfead fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge’ curtha ar stáiseanóireacht oifigiúil na Príomh Rannóige, an Rúnaí Ginearálta, an Phríomhoifigigh Míochaine, an Aire agus an Aire Stáit.

Teileafón

- Tá fógairtí taifeadta béil agus teachtaireachtaíteileafóin de réir na rialacháin a rinne an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003; is féidir le baill foirne teachtaireachtaí a fhágáil i mbéarla nó i nGaeilge nó sa dá theanga.
- Tá fógra na Roinne sna Leathanaigh Glasa dátheangach.

Suíomh Idirlín agus Seirbhísí Idirghníomhacha Ar-líne

Tá 50% den ábhar buan atá ar shuíomh idirlín na Roinne ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Ina theannta sin tá roinnt foilseachán ar fáil sa dá theanga.

Úsáidtear Suíomh OALGÓ chun iarratais a dhéanamh ar líne agus do phróisis chomhairliúcháin agus cuirtear iad seo ar fáil sa dá theanga i gcónaí. Tá 80% d’ábhar buan suíomh gréasáin OALGÓ ar fáil i nGaeilge.

Caibidil 3 – Ag Feabhsú na Seirbhísí Dátheangacha

Preasráitis

Is i mBéarla amháin a eisítear preasráitis faoi láthair. De ghnáth ní bhíonn an téacs deireannach den phreasráiteas nó den phreaseisiúint críochnaithe go dtí díreach sula n-eisítear é. Ní mór don Roinn ráitis a eisiúint go tapa, go minic, mar fhreagra ar eachtraí nach mbíonn súil leo. Glacann an Roinn leis go n-eiseofar 10% dá bPreasráitis i nGaeilge agus i mBéarla sna blianta 2011 agus 2012.

Bileoga Eolais agus Cáipéisí eile

Leanfar ag cur gach bileog nua agus gach bileog atá ann cheana ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla faoi mar atá á dhéanamh i láthair na huair.

Leanfar ag cur gach foirm iarratais nua a eisíonn Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGÓ) agus iad siúd atá ann cheana ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Geallann an Roinn go mbeidh bileoga eolais agus foirmeacha iarratais de chuid OALGÓ ar fáil go dátheangach, faoin gclúdach céanna, ach amháin nuair nach mbeadh sé seo praiticiúil de bharr méid nó nádúr na cáipéise, ón am n-ordófar stoc nua. Tiocfaidh an gealltanais seo i bhfeidhm ó dháta tosaithe na scéime maidir le bileoga eolais agus foirmeacha iarratais nua, agus ó dháta athnuachan stoic maidir le bileoga agus foirmeacha atá ar fáil cheana féin.

Maidir le cáipéisí eile a fhoilsítear i mBéarla agus i nGaeilge, mar na cáipéisí atá luaite faoi mhír 10 den Acht, geallann an Roinn go gcuirfear na cáipéisí seo ar fáil sa go dátheangach faoin gclúdach céanna seachas sa chás nach mbeadh sé seo praiticiúil de bharr méid agus nádúr na cáipéise.

Oiliúint & Forbairt

Tugtar gealltanais leanúnach go gcuirfear an oiliúint agus an fhorbairt chuí ar fáil don fhoireann uilig, oiliúint theanga san áireamh mar is gá, le hacmhainneacht na foirne a chothú ina ngairmeacha sa Roinn.

Suíomh Gréasáin, Seirbhísí Idirghníomhacha agus Córais TE

Cuirfear an t-ábhar buan atá ar shuíomh gréasáin na Roinne agus nach bhfuil ar fáil sa dá theanga go fóill, ar fáil sa dá theanga roimh dheireadh 2010, maraon leis an bhfuíollach d'ábhar buan atá ar shuíomh ghréasáin OALGÓ.

Tá úinéireacht an tsuímh gréasáin anois faoi Aonad Preas agus Cumarsáide na Roinne. Tá straitéis nua cumarsáide sa Roinn, agus beidh ábhar dátheangach mar pháirt de chlár leanúnach forbartha an tsuímh ghréasáin. Má chuireann an Roinn aon suíomhanna gréasáin nua ar fáil sa todhchaí, beidh an leagan amach orthu dátheangach..

Seachas na seirbhísí a chuireann an OALGÓ ar fáil, ní chuireann an Roinn aon seirbhísí idirghníomhacha ar-líne ar fáil. Má chuireann An Roinn seirbhísí idirghníomhacha ar fáil sa todhchaí ar a bhféadfaidh an pobal iarratais a dhéanamh nó sochair a fháil ar líne, cuirfear iad seo ar fáil go dátheangach, ag an am céanna, ag brath ar na bogearraí agus na córais chuí a bheith ar fáil.

Beidh sé ar chumas na gCórais Eolais nua a thabharfar isteach, ar a laghad téacs Gaeilge a láimhseáil, ag brath ar fhéidireachtaí teicniúla agus na hacmhainní teicniúla TE a bheidh ar fáil.

Cuirfear na Córais Eolais atá ann cheana in oiriúint, de réir mar is gá agus chomh fada agus is féidir ag brath ar fhéidireachtaí teicniúla agus na hacmhainní teicniúla TE a bheidh ar fáil, le linn an chéad obair chothabhála nó uasghrádaithe chuí eile. De bharr na mórcheisteanna teicniúla agus achmhainní a d'fhéadfadh a bheith i gceist anseo, is ábhar é a d'fhéadfaí a réiteach sa bhfadthéimhse.

Maidir leis na seirbhísí idirghníomhacha agus na córais eolais atá ann cheana a chur in oiriúint don Ghaeilge, is ábhar é seo a dtabharfaidh an Roinn aghaidh air chomh luath agus a ligfidh achmhainní agus an brú oibre eile sa réimse TE don Roinn é sin a thabhairt chun críche. Arís, d'fhéadfadh an Roinn a bheith ag brath ar na córais chuí agus achmhainní a bheith ar fáil go lárnach.

Fáiltiú / Malartán Fóin

Is iad na fáilteoirí/ oibríthe malartáin an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Is é polasaí na Roinne Sláinte agus Leanaí a chinntiú go mbeadh cleachtas caighdeánach i leith Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí i bhfeidhm sa réimse seo, agus go mbeidh na gnéithe a leanas i bhfeidhm ó dháta tosaithe na Scéime:

- Beidh fáilteoirí/oibríthe fóin in ann ainm an chomhlachta poiblí a thabhairt i nGaeilge.
- Go mbeadh eolas acu ar ghnáth bheannachtaí i nGaeilge.
- Cuirfear socruithe oiriúnacha i bhfeidhm sa chaoi go mbeidh ar a gcumas aon bhall den phobal a aistriú anonn gan aon mhoill, chuig oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís trí Ghaeilge atáthar a lorg, má tá a leithéid ar fáil.

Faoi mar a luadh cheana, is beag teagmháil dhíreach atá ag an Roinn leis an bpobal. Ní chuirtear seirbhís duine le duine ar fáil ag an gcuntar, agus níl sé beartaithe seirbhís mar seo a chur ar fáil sa todhchaí is intuartha. Áfach, breathnóidh an Roinn ar fhéidireachtaí chun seirbhís dátheanagch a chur ar fáil in Aonad nó in Aonaid dá cuid mar chuid den dara scéim teanga nó i scéimeanna teanga eile sa todhchaí .

Caibidil 4 – Monatóireacht agus Athbhreithniú

Beidh an fheidhmeannas um Sheirbhísí do Chustaiméirí san Aonad Forbartha Corparáidí freagrach as monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí agus ar an leibhéal éilimh do sheirbhísí trí Ghaeilge. Cuirfear an t-eolas is deireanaí maidir le nuashonraí ar fáil do Choiste Comhairliúcháin Bainistíochta na Roinne ar a laghad uair amháin sa bhliain.

Leanfar ar aghaidh sa todhchaí ag cur ceisteanna maidir le sástacht custaiméirí leis na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge agus an t-éileamh atá ar na seirbhísí seo, i suirbhéanna custaiméirí.

Caibidil 5 – An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa scéim seo, maraon le gealltanais agus forálacha, go himmheánach agus go seachtrach.

Inmheánach

Scaipfear cóip den scéim ar gach ball foirne chomh luath agus is féidir nuair a bheidh sé ullamh. Foilseofar cóip den scéim ar líonra inmheánach na Roinne, HealthNet.

Seachtrach

Foilseofar leagan dáteangach ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Seoladh cóip den scéim seo chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla bunleagan na scéime seo.